



Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí 2022
Spríodhata, Dé Luain, 03 Deireadh Fómhair 2022

1. Faoin Scéim

Cuirtear fáilte roimh ealaíontóirí Gaeltachta, ag chuile staid dá gcleachtas gairmiúil, iarratas a dhéanamh ar an Scéim Sparánachta.

Aidhm na Scéime

Is é aidhm na scéime seo ná **tacú le healaíontóirí aonaracha am a chur ar leataobh lena gcleachtas a fhorbairt i dtreo bairr-feabhais a bhaint amach ina gcleachtas.**

Cé ar atá an Scéim seo dírithe?

Tá an scéim dírithe orthu siúd atá ag saothrú mar ealaíontóirí, ag chuile staid dá gcleachtas gairmiúil agus a bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht. Fáiltimid roimh iarratas ó ealaíontóirí in aon mheán nó réimse ealaíona, m.sh. scríbhneoirí, ceoltóirí, rincoirí, fíis-ealaíontóirí, aisteoirí & r.l.

Tá sé mar aidhm ag an Scéim seo tacú le healaíontóirí atá luath ina gcleachtas, chomh maith leo siúd atá fadbhunaithe, chun tacú le forbairt leanúnach na n-ealaíon sa Ghaeltacht. Sa chás seo, ciallaíonn 'luath ina gcleachtas' faoi bhun aois a 35, nó má táthar ag cleachtadh go gairmiúil ar feadh tréimhse níos lú ná 5 bliana, nó ag filleadh ar a gcleachtas ealaíona tar éis bearna suntasach ama.

Ní ghlacaimid le hiarratais uathu siúd atá go fóill sa chóras oideachais. Is féidir eisceacht a dhéanamh má tá ealaíontóir i lár a g(h)airm agus ag tabhairt faoi iarchéim. Sa chás seo, ní thacóidh sparánacht le hábhar atá bainteach leis an iarchéim féin.

Is gá go dtaispeánfaidh d'iarratas go bhfuil saothar nó poitéinseal d'ardchaighdeán cruthaithe/léirithe agat, go bhfuil cáilíochtaí agus/nó taithí cuí agat maidir le do chleachtas ealaíona agus go n-aithneofar mar chleachtóir gairmiúil tú i measc do chomhealaíontóirí. Ní gá go mbeadh ioncam leanúnach agat ó do chleachtas ealaíona.

Cé méid airgead gur féidir liom cur isteach ar?

Is é €10,000 an t-uasmhéid deontais a bhronnfar. Is é €5,000 an t-uasmhéid maoiniú a bhronnfar ar ealaíontóir atá luath ina gcleachtas.

Cad leis a thacóidh an Sparánacht?

Don chuid is mó, tacóidh sparánacht leat do chuid ama a dhíriú ar do chleachtas ealaíona. Is ar chostas do chuid ama féin atá an bhéim, cé go nglacfar le haon chostais a bheadh lánach nó riachtanach don bpróiseas cruthaitheach agus d'fhorbairt do chleachtas. D'fhéadfadh sparánacht:

- tacú le costais mhaireachtála chun tú a shaoradh ó cuid de na dualgais eile a bhíonn ort ionas gur féidir leat díriú go sonrach, ar feadh tréimhse, ar do chleachtas ealaíne
- tacú leat saothar faoi leith a fhorbairt trí chostas ábhar a chlúdach
- tacú leat ealaíontóir eile a bheith mar mheantóir agat ar feadh tréimhse
- tacú leat trealamh riachtanach a thógáil ar cíós
- tacú leat freastal ar thréimhse chónaitheach

2. Conas iarratas a dhéanamh

San fhoirm iarratais, déan cur síos soiléir agus cuimsitheach ar do chleachtas go dtí seo agus ar an méid gur mhaith leat a bhaint amach le cabhair na sparánachta. Seol chugainn, leis an fhoirm iarratais, ábhair thacaíochta a léireoidh do chleachtas go soiléir.

Is painéil neamhspleácha idirdhisciplíneacha a dhéanann measúnú ar na hiarratais, le painéil difriúla gach bliain. Ní féidir glacadh go mbeidh an painéil ar an eolas faoi do chleachtas nó do shaothar ealaíne.

Má bhíonn aon bhac ort leis an phróiseas iarratais nó má tá aon chabhair uait chun iarratas a dhéanamh, nó rochtain a fháil ar an fhoirm, déan teagmháil linn le do thoil.

Is gá an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta a sheoladh chugainn roimh an spriocdháta – an 03 Deireadh Fómhair 2022.

Ábhar Tacaíochta

Is gá an t-ábhar seo leanas a chur leis an t-iarratas, ionas go mbeidh a dhóthain eolais ar fáil don bpainéil chun na hiarratais a mheas go cothrom:

- Do CV ealaíne agus CV aon ealaíontóir eile a bheidh páirteach sa mhéid atá molta agat i gceist 6 san iarratas (meantóir mar shampla). Ná bíodh sonraí teagmhála pearsanta ar aon CV.
- Samplaí de do shaothar ealaíne (féach thuas do sonraí faoi chonas é seo a chur ar fáil)
- Eolas ábhartha ar bith eile a thacóidh leis an bpainéil d'iarratas nó do chleachtas a thuiscint.
- Más mian leat a bheith ag obair le meantóir, ní mór a CV & litir chomhaontaithe uathu a chur leis an t-iarratas.

Conas samplaí do do shaothar ealaíona a roinnt linn

Ba mhaith linn go mbeadh an painéal in ann na samplaí is fearr do do chleachtais ealaíne a fheiceáil, a chloisteáil nó a léamh. Chuige seo, molfaimid go mbeidh samplaí do do shaothar is déanaí san áireamh agat leis an iarratas. Má bhaineann an t-iarratas le níos mo ná réimse amháin ealaíona, is fiú samplaí saothar a chur ar fáil a thugann léargas ar seo.

Níl ach am teoranta ag an bpainéil na hiarratais go léir a mheas. Is uasmhéid de **10 sampla** saothair gur féidir a chur leis an iarratas. Is samplaí don saothar féin atá ag teastáil (m.s.

sliochtanna scríbhneoireachta, míreanna ceoil, íomhánna de do shaothar físealaíne, físeán d'ábhar amharclannaíochta) seachas ábhar bainteach leis an saothar (m.s. cóip do chlúdach leabhar, grianghraif don ealaíontóir, póstaer d'imeacht & rí).

Ionas go mbeidh teacht ag an bpainéil ar do chuid samplaí saothair, molaimid go láidir na formáid thíos a úsáid, ar an gcaighdeán is airde gur féidir. Ní ghlacfaimid le cruachóipeanna de shaghas ar bith. Má tá deacracht ar bith agat le seo, téigh i dteagmháil linn chomh luath roimh an spriocdháta agus is féidir.

- Téacs: .rtf/.doc/.docx/.txt/.pdf (deich leathanach, ina iomlán, ar a mhéid)
- Íomhá: .jpg/.jpeg/.gif/.tiff/.png (300dpi ar a laghad, suas go 10 íomhá)
- Fuaim: .wav/.mp3/.m4a (suas go 5 mhír)
- Físeáin: .avi/.mov/.mp4 (suas go 5 mhír, molfaimid gan seó rí a chur sna áireamh)

In airde ar na formáid thuas, is féidir nascanna a sheoladh chugainn go YouTube, SoundCloud nó BandCamp. Má tá pasfhocal ag teastáil, ná déan dearmad é a chur leis an nasc, agus deimhnigh go bhfuil an nasc ag feidhmiú.

Is féidir saothar a roinnt linn trí Google Drive (roinn na cóid/fillteáin le ealain1998@gmail.com), Dropbox nó WeTransfer.

Cosaint Sonraí

Chun d'iarratas a mheas, beidh an t-eolas a thugann tú dúinn ar an bhfoirm iarratais (seachas na sonraí teagmhála ar leathanach 1) agus an t-ábhar tacaíochta á roinnt le baill an phainéil agus baill de Bhord Ealaín na Gaeltachta.

3. Conas a dhéanfar meastachán ar d'iarratas?

Is scéim iomaíoch í seo le buiséad srianta. Is painéal neamhspleách idirdhisciplíneach d'ealaíontóirí agus saineolaithe ealaíona a dhéanfaidh meastóireacht ar na hiarratais, ag baint úsáid as an gcóras scórála thíos, atá bunaithe ar na critéir thíos. Is é bord Ealaín na Gaeltachta a dheimhníonn an cinneadh chríochnúil.

Critéir le haghaidh maoiniú

- 1. Caighdeán Ealaíona:** caighdeán do shaothar go dáta nó an poitéinseal a léiríonn sé, tugtar uaillmhianacht & úrnuacht an tsaothair san áireamh. An tionchar a mheastar a bheidh ag an fhorbairt ealaíne atá molta agat san iarratas ar do chleachtas ag an am áirithe seo.
- 2. Gairmiúlacht:** Is gá go dtaispeánfaidh d'iarratas go bhfuil saothar nó poitéinseal d'ardchaighdeán cruthaithe/léirithe agat, go bhfuil cáilíochtaí agus/nó taithí cuí agat maidir le do chleachtas ealaíona agus go n-aithneofar mar chleachtóir gairmiúil tú i measc do chomhealaíontóirí. Ní gá go mbeadh ioncam leanúnach agat ó do chleachtas ealaíona.
- 3. An Ghaeltacht & An Ghaeilge:** Tá an scéim seo dírithe ar ealaíontóirí atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Déanfaidh tú cur síos san iarratas ar chonas mar a bhíonn tú ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs na Gaeltachta.

Córas scórála

Caighdeán ealaíona: taithí agus saothar ealaíona agus/nó an poitéinseal atá léirithe ag an iarratasóir go dáta (de réir ceist 5 agus an ábhar thacaíochta)	30
Conas mar a thagann an t-iarratas le haidhm na scéime (de réir ceist 6 agus an ábhar thacaíochta)	30
Gaeltacht & Gaeilge (de réir ceist 7)	30
An bhfuair an t-iarratasóir tacaíocht tríd an Scéim Sparánachta cheana (-5 má fuair tú le dhá bhliain anuas, 0 má fuair anuraidh, 5 muna bhfuair le dhá bhliain anuas)	5
Caighdeán an ábhair thacaíochta	5

Cathain a bheidh torthaí na Scéime ar fáil?

Beidh scéal agat faoi thorthaí do iarratas faoi dheireadh mhí na Samhna 2022.

Coinníollacha Deontais

Má bhronntar Sparánacht ort beidh ort glacadh leis na coinníollacha deontais agus éileamh a dhéanamh ar an deontas laistigh de 18 mhí ó dháta na tairisceana. Beidh ort tuairisc ghairid a roinnt linn faoin mhéid a bhain tú amach le cabhair na sparánachta agus sonraí glanta cánach a chur ar fáil dúinn chomh maith.

Bí i dteagmháil linn

Is féidir, agus moltar, labhairt leis an Áisitheoir Ealaíon i do réigiún, a bheidh lán sásta cabhrú leat d'iarratas a dhéanamh. Tá fáilte teagmháil a dhéanamh linn má tá ceist ar bith agat. Dá bharr líon na n-iarratais a bhíonn ag teacht isteach ar an spriocdháta, moltar an t-iarratas a ullmhú, agus comhairle a lorg, chomh fada roimh ré agus is féidir leat. Ní féidir linn geallúint go mbeimid in ann tacú leat ar lá an spriocdháta.

Connacht & Co. na Mí: Beartla Ó Flatharta 091 503100 b.oflatharta@udaras.ie

Tír Chonaill: Danielle Nic Pháidín 074 9560100 d.nicphaidin@udaras.ie

Cúige Mumhan: Rachel Holstead 066 9150100 r.holstead@udaras.ie

Suíomh Idirlín: www.ealain.ie Ríomh phost: ealain@udaras.ie

Tá an Scéim Sparánachta á có-maoiniú ag Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon.

